Dainséar ó mhiotail sa Pháirc Theas

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi mhiotail throma sa Pháirc Theas i gCathair na Gaillimhe. Sula bhféachann tú ar an tuairisc pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cad iad na miotail throma atá dainséarach don duine daonna? An bhfuil fhios agaibh cén éifeacht a bheadh ag na miotail seo ar an gcorp? An bhfuil aon mhiotail throma atá go maith don tsláinte? Cad iad na cineálacha bia ina bhfaightear na miotail sin?

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc cúpla uair agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo thíos a aimsiú inti. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

An bhfuil mórán díobh ar eolas agat sula bhféachann tú ar an tuairisc?

1.	Galway City Council	_____
2.	playing fields	_____
3.	children's playground	_____
4.	geography lecturer	_____
5.	old landfill site	_____
6.	comprehensive study	_____
7.	preliminary results	_____
8.	copper	_____
9.	arsenic	_____
10.	lead (metal)	_____
11.	polluted	_____
12.	further tests	_____
13.	a covering of clean soil	_____
14.	substantial cost	_____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cén uair a dúnadh na páirceanna imeartha sa Pháirc Theas?

2. Cén fáth gur dúnadh na páirceanna?

3. Dar leis na hinnealtóirí a rinne an staidéar, conas is féidir daoine a chosaint ón dainséar?

4. Cén dearcadh atá ag na comhairleoirí cathrach John Connolly agus Catherine Connolly faoin scéal?

5. Cén freagra a thug bainistíocht na cathrach nuair a d'iarr Nuacht TG4 orthu faoi na pleananna atá acu?

Ceist 4 ‘Tá sé *deimhnithe* ag staidéar a rinne Comhairle Cathrach na Gaillimhe go bhfuil miotail throma sa gcréafóg sa bPáirc Theas.’
‘Níl costas ar bith *curtha* leis an obair seo fós ach dúirt urlabhraí gur costas substaintiúil a bheadh i gceist.,

Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail i gcló iodálach thuas? Pléigh iad leis an duine in aice leat. Mura bhfuil sibh cinnte cabhróidh an teagascóir libh.

Anois críochnaigí na habairtí a leanas ag baint úsáide as na focail idir lúibíní.

1. Nuair a bhíonn an lá oibre _____ is maith le Seán dul amach ag siúl cois farraige. (críochnaigh)

2. Ní fiú tosú ar an aiste go dtí go mbíonn na leabhair ar an ábhar _____. (léigh)

3. Faoin am a shroich Máire an siopa, bhí na nuachtáin go léir _____. (díol)

4. Chuaigh an litir ar strae sa phost mar ní raibh an seoladh _____ i gceart ar an gclúdach. (scríobh)

5. Nuair a bhí torthaí na scrúduithe _____ ag na mic léinn, chuaigh siad ar laethanta saoire. (faigh)

Ceist 5 ‘Moltar sa tuarascáil cuid den pháirc a chlúdú le *leathmhéadar* de chréafóg ghlan.’
‘Tosaíodh ar staidéar cuimsitheach ar an bpáirc agus is iad *réamhthorthaí* an staidéir sin a foilsíodh inniu.’

Féach ar an dá réimir sna habairtí thuas. Cad a tharlaíonn don ainmfhocal a leanann iad? Anois an féidir leat féin agus an duine in aice leat na réimíreanna agus na hainmfhocail thíos a cheangal?

1	leath	méadar	leathmhéadar
2	réamh	torthaí	réamhthorthaí
3	príomh	cathair	
4	leas	máthair	
5	comh	brón	
6	gnáth	saol	
7	droch	blas	
8	dí	fostaíocht	
9	ais	freagra	
10	sean	cara	
11	meán	múinteoir	
12	cúl	caint	

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa: An mbeifeá sásta dul ag siúl nó ag imirt peile sa Pháirc Theas? Cén fáth? An dóigh leat gur leor leathmheádar créafóige chun daoine a chosaint? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2

Is féidir iarraidh ar na mic léinn triail a bhaint as na focail ar dtús sula bhfeiceann siad an tuairisc agus ansin arís agus an tuairisc ar siúl.

1. Comhairle Cathrach na Gaillimhe
2. páirceanna imeartha
3. áit shúgartha do leanaí
4. léachtóir tíreolaíochta
5. seanionad dramhaíle
6. staidéar cuimsitheach
7. réamhthorthaí
8. copar
9. airsnic
10. luaidhe
11. truaillithe
12. a thuilleadh tástálacha
13. clúdach créafóige glan
14. costas substaintiúil

Ceist 3

1. Mí na Nollag seo caite.

2. Dúnadh na páirceanna nuair a d'aimsigh léachtóir tíreolaíochta miotail throma sa seanionad dramhaíle ansin an bhliain seo caite.

3. Molann na hinnealtóirí oibreacha a thosnú láithreach le daoine a chosaint ón gcréafóg atá truaillithe agus cé go ndeireann siad go gcaithfear a thuilleadh tástálacha a dhéanamh fós, molann siad clúdach créafóige glan, leathmhéadar de, a chur ar na páirceanna imeartha agus ar áit ar bith a bhíonn in úsáid rialta ag daoine mar thús.

4. Deir John Connolly nach bhfuil na torthaí chomh dona is a cheap sé agus gurb é an príomhrud ná go gcaithfidh siad níos mó scrúduithe a dhéanamh ar an suíomh. Deir Catherine Connolly go bhfuil imní uirthi toisc nach bhfuil aon chlár ama leagtha síos do na hoibreacha agus nach bhfuil aon chur síos ar an méid airgid a bheidh ag teastáil don obair.

5. Dúirt siad go bhfuil obair eile fós le déanamh ach go nglacann siad leis anois go mbeidh orthu an pháirc uilig a chlúdach i gcréafóg. Níl costas ar bith curtha leis an obair seo fós ach dúirt urlabhraí gur costas substaintiúil a bheadh i gceist.

Ceist 4

An aidiacht bhriathartha atá i gceist anseo.

1. críochnaithe
2. léite
3. díolta
4. scríofa
5. faighte

Ceist 5

1	leath	méadar	leathmhéadar
2	réamh	torthaí	réamhthorthaí
3	príomh	cathair	príomhchathair
4	leas	máthair	leasmháthair
5	comh	brón	comhbhrón
6	gnáth	saol	gnáthshaol
7	droch	blas	drochbhlas
8	dí	fostaíocht	dífhostaíocht
9	ais	freagra	aisfhreagra
10	sean	cara	seanchara
11	meán	múinteoir	meánmhúinteoir
12	cúl	caint	cúlchaint

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Tá sé deimhnithe ag staidéar a ndearna Comhairle Cathrach na Gaillimhe coimisiúnú air go bhfuil miotail throma sa gcréafóg sa bPáirc Theas gar don Chladach i gcathair na Gaillimhe. Moltar sa tuarascáil cuid den pháirc a chlúdú le leathmhéadar de chréafóg ghlan[1]. Tá plé faoin tuarascáil ar siúl i Halla na Cathrach anocht. Tá tuairisc ag ár gcomhfhreagraí rialtais áitiúil Joe Mag Raollaigh.

Joe Mag Raollaigh

Ó mhí na Nollag[2] seo caite, bhí páirceanna imeartha agus áit shúgartha do leanaí sa Pháirc Theas dúnta ar fhaitíos an truaillithe le miotail throma a d'aimsigh léachtóir tíreolaíochta sa seanionad dramhaíle seo an bhliain seo caite. Tosaíodh ar staidéar cuimsitheach ar an bpáirc agus is iad réamhthorthaí[3] an staidéir sin a foilsíodh inniu. Sa tuarascáil atá le plé ag Comhairle na Cathrach anocht, deirtear go bhfuil copar, airsnic agus luaidhe le fáil ag leibhéalacha ró-arda sa pháirc. Ach den trí cinn seo, is é an luaidhe[4] is measa. Moltar oibreacha a thosnú láithreach le daoine a chosaint ón gcréafóg atá truaillithe agus cé go ndeireann na hinnealtóirí go gcaithfear a thuilleadh tástálacha a dhéanamh fós, molann siad clúdach créafóigé glan, leathmhéadar de, a chur ar na páirceanna imeartha agus ar áit ar bith a bhíonn in úsáid rialta ag daoine mar thús. Tá idir faoiseamh agus imní ar chomhairleoirí cathrach.

John Connolly

Ceapann mé féin….níl sé chomh dona is a cheap muid go mbeadh agus…*I suppose* caithfidh mé a rá go bhfuil…..an príomhrud é ná go gcaithfimid níos mó scrúduithe a dhéanamh ar an suíomh.

Catherine Connolly

Tá moladh anseo go gcaithfidh créafóg a chur ar fud an talaimh ach níl aon *timespan* anseo chor ar bith agus sin an fáth go bhfuil imní orm. Níl aon *timespan* agus níl aon chur síos[5] ar an méid airgid a bheidh ag teastáil.

Joe Mag Raollaigh

D'iarramar ar bhainistíocht na cathrach soiléiriú a thabhairt faoina bpleananna déileáil leis an bpáirc as seo agus dúradar go bhfuil obair eile fós le déanamh ach go nglacann siad leis anois go mbeidh orthu an pháirc uilig a chlúdach i gcréafóg. Níl costas ar bith curtha leis an obair seo fós ach dúirt urlabhraí gur costas substaintiúil a bheadh i gceist.

Joe Mag Raollaigh, Nuacht TG4

[1] *de chréafóg glan* a deirtear sa mhír
[2] *ó mhí na Nollaig* a deirtear sa mhír
[3] *is é réamhthorthaí* a deirtear sa mhír
[4] *is í an luaidhe* ba cheart a rá
[5] *aon cur síos* a deirtear sa mhír